Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

TREOIRNÓTA

RIALACHÁN 5
SLÁINTE, LEAS AGUS FORBAIRT AN LINBH

Riail 5 (Sláinte, Leas agus Forbairt an Pháiste)

Breathnaítear go bhfuil sé seo laistigh den ' Léargas ar an bPáiste Iomlán,' de réir mar atá leagtha síos sna Rialacháin, treoir míniúcháin & treoir mheasúnaithe. Cuireadh an treoir mheasúnaithe seo le chéile ar mhaithe le Rialachán 5 a mheas agus tá sé roinnte ina 4 chuid mar seo a leanas.

- **Go bhfuil soláthar an chúraim pearsanta ag freastal ar riachtanais bunúsacha na leanaí agus na bpáistí.**
- **Go bhfuil tacaíocht tugtha do ghaolmhaireachtaí na bpáistí**
- **Go dtugann an timpeallacht fhisiciúil agus ábhartha tacaíocht d'fhorbairt na bpáistí**
- **Go dtacaíonn na cláir ghníomhaíochtaí le forbairt na bpáistí**

Tá liosta d'ábhair súgartha agus trealamh ar fáil a chabhraíonn chun faisnéis a bhailiú. Níl an liosta seo ceaptha a bheith ródhaingean agus ní liosta iomlán atá i gceist leis.

Moltar ceannteidil an treoir mheasúnaithe a úsáid nuair atá Rialachán 5 - Sláinte Páistí, Leas agus Forbairt á mheasú. Bíonn comhlíonadh agus neamhchomhlíonadh i gceist maidir le go leor de na réimsí measúnachta. Bíonn na taifid seo coinnithe sna míreanna cuí sa Tuairisc ar Thorthaí na Cigireachta. Tá sé de dhualgas ar an gCigire cinneadh a dhéanamh, ag baint úsáide as a b(h)reithiúnas proifisiúnta, bunaithe ar eolas gairmiúil, scileanna agus an fhianaise a fhaightear ag an iniúchadh.

Sample 1

<table>
<tr><td colspan="3">Rialachán 5 (Sláinte, Leas agus Forbairt an Linbh)
5. Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, cinnteoidh sé/sí go n-éascaítear foghlaim, forbairt agus leas gach linbh laistigh d'imeachtaí laethúla na seirbhíse trí na deiseanna cuí a chur ar fáil, mar aon leis na heispéiris, na gníomhaíochtaí, an idirchaidreamh, na hábhair agus an trealamh a oireann d'aois agus do staid forbartha an linbh agus dá c(h)omhthéacs cultúrtha.</td></tr>
<tr><td>Comhlíontach: Rialachán 5</td><td>Neamh-Comhlíontach:</td><td>Neamhbhainteach:</td></tr>
<tr><td>Eolas maidir leis an gComhlíonadh:</td><td colspan="2">Riachtanais bhunúsacha leanaí agus pháistí
Go bhfuil an cúraim pearsanta atá á sholáthar níos mó ná riachtanais bunúsacha na leanaí agus páistí atá i láthair. Roinnt de na samplaí a tugadh faoi deara ar lá an iniúchta ná an spreagadh a tugadh do pháiste 18 mhí d'aois chun é féin a bheathú, an meascán bianna a bhí ar an aiste bia agus na sneaiceanna sláintiúla a bhí á dtairiscint do na páistí.
Tacaíocht tugtha do ghaolmhaireachtaí na bpáistí
Bhí tacaíocht tugtha do ghaolmhaireacht na bpáistí. Bhí na cúramóirí mothálach do na páistí faoina gcúram. Bíonn cruinnithe seachtainiúla ann. Tá an córas oibre ag tacú leis na páistí chun cairdeas agus gaolmhaireacht a chothú istigh sa tseirbhís.
An timpeallacht fhisiciúil agus nithiúil
Tacaíonn an timpeallacht fhisiciúil agus nithiúil le forbairt na bpáistí. Tá seo le feiceáil sa timpeallacht laistigh agus lasmuigh, timpeallacht a sholáthraíonn réimse leathan taithí forbartha cuí do na páistí agus an nasc cultúrtha tugtha san áireamh chomh maith.

Clár na ngníomhaíochtaí agus feidhmiú
Tacaíonn na cláir ghníomhaíochtaí agus an cur i bhfeidhm le forbairt na bpáistí. Tá deis ag gach páiste páirt ghníomhach a ghlacadh sna gnáthaimh laethúla agus gníomhaíochtaí agus tá</td></tr>
</table>

	roghanna ag na páistí maidir le foghlaim nua ag forbairt. Tá an clár pleanáilte bunaithe ar phróifíl indibhidiúil an pháiste.
Eolas agus Ghníomhú a theastaíonn i gcás Neamhchomhlíonadh:	**Riachtanais bhunúsacha leanaí agus páistí** Chonacthas foireann oibre ag beathú páistí le spúnóg faoi dheifir, páistí a bhí idir 16 mhí agus 2 bhliain d'aois.
	Gníomh Riachtanach: Ba chóir páistí ag an staid agus ag an aois seo a spreagadh chun iad féin a bheathú faoi mhaoirseacht na foirne, agus dóthain ama don tásc dúshlánach seo a thabhairt dóibh.

Sampla 2

Rialúchán 5 (Sláinte, Leas agus Forbairt an Pháiste) *5. Duine atá ag seoladh seirbhís réamhscoile, cinnteoidh sé/sí go n-éascaítear foghlaim, forbairt agus leas gach linbh laistigh d'imeachtaí laethúla na seirbhíse trí na deiseanna cuí a chur ar fáil, mar aon leis na heispéiris, na gníomhaíochtaí, an idirchaidreamh, na hábhair agus an trealamh a oireann d'aois agus do staid forbartha an linbh agus dá c(h)omhthéacs cultúrtha.*		
Comhlíontach:	**Neamh-Comhlíontach:** Rialachán 5	**Neamhbhainteach:**
Eolas maidir leis an gComhlíonadh:	**Riachtanais bhunúsacha leanaí agus páistí** Go bhfuil soláthar an chúraim pearsanta ag freastal ar riachtanais bhunúsacha maidir le h-ithe agus ól, athrú chlúidíní/ cúraimí leithris, glanachar pearsanta, codladh / am ciúin / príobháideachas / gluaiseacht agus iompar na naíonán agus páistí atá i láthair. **Tacaíocht tugtha do ghaolmhaireachtaí na bpáistí** Bhí tacaíocht tugtha do ghaolmhaireacht na bpáistí. Tríd is tríd, bhí an fhoireann mothálach, dearfach agus fáilteach roimh na páistí réamhscoile agus dá dteaghlaigh. Tacaítear le h-idirghníomhaíocht idir shiblíní. Tá dlúthcheangal ag an tseirbhís leis an bhunscoil áitiúil agus na haltraí sláinte pobail.	
Eolas agus Ghníomhú a theastaíonn i gcás Neamhchomhlíonadh:	**An timpeallacht fhisiciúil agus nithiúil** Ní raibh an timpeallacht ag tacú le forbairt na leanaí, rud a léirigh an ganntanas bréagán agus trealamh súgartha. Ní raibh ach aon ghníomhaíocht barr boird amháin ann agus bréagán urláir amháin ann don 7 leanbh a bhí i láthair. Ní raibh dóthain trealamh sna seomraí súgartha ar fud na seirbhíse. Ní raibh aon ghaineamh san láithreán ghainimh agus uisce mar shampla, ní raibh aon fheistis spraoi ann ná ní raibh aon uirlisí cistine ann do chúinne na cistine ná suíocháin don fhoireann i mbun beathú na bpáistí. Bhí na 'h-áiteanna suimiúla' i mullach a chéile sna seomraí súgartha. Ní raibh dóthain bréagáin, cluichí ná trealamh ann do na páistí. Is gá go leor acu a athrú, mar shampla bhí píosaí in easnamh as trí cinn de na míreanna mearaí agus bhí go leor de na leabhair sa leabharlann stróicthe agus leathanaigh ar iarraidh astu. Bhí cuma ar na páistí go raibh siad bréan, gan aon spreagadh ná gníomhaíocht le spraoi leis ar feadh thréimhsí ama. Níor ligeadh na páistí amach in ainneoin go raibh an lá go breá. Nuair a chuireadh ceist ar an bhfoireann, dúradh nach n-úsáidtear é go minic mar nach bhfuil aon trealamh súgartha ann.	

	Gníomh Riachtanach: Athrú iomlán ar a bhfuil san seomraí spraoi le meascán de ghníomhaíochtaí súgartha, bréagáin agus trealamh do gach aoisghrúpa atá i láthair. Ba chóir na seomraí a bheith leagtha amach sa chaoi is go bhfuil áiteanna suimiúla ar leith iontu ionas go mbeidh rogha agus rochtain ag páistí a rogha gníomhaíocht nó bréagán a roghnú. Suíocháin oiriúnacha don fhoireann a bheith ar fáil sa chaoi is go mbeidh siad in ann páistí a iompar ina mbachlainn nuair a theastaíonn. Ba chóir an deis a thabhairt do pháistí chun spraoi lasmuigh agus trealamh súgartha cuí agus sábháilte a cheannach. **Clár gníomhaíochta agus feidhmiú** Níor thug an clár gníomhaíochta agus a fheidhmiú dóthain tacaíocht d'fhorbairt na bpáistí. Is beag deis a bhí ag na leanaí agus na páistí réamhscoile chun roghanna súgartha a dhéanamh, dul chun tosaigh, tús a chur le gníomhaíocht, cinneadh a dhéanamh, agus a bheith neamhspleách agus an tacaíocht acu chun fadhbanna a réiteach. Daoine fásta a bhí i mbun na ngníomhaíochtaí. Tugadh seo faoi deara sa seisiún amhránaíochta nuair a d'éirigh roinnt mhaith de na páistí as i ngan fhios do na cúramóirí, nuair a roghnaigh na cúramóirí na dathanna agus gur chríochnaigh siad na pictiúir sa seisiún ealaíona, nuair a d'iarr páiste cead spraoi leis an Lego nuair a bhí a phéinteáil críochnaithe aige ach gur dúradh leis suí síos go socair, tar éis 10 nóiméad d'éirigh sé corrthóineach, thosaigh sé ag caitheamh na criáin agus tugadh íde béil do. Ní raibh aon fhianaise ann gur déanadh athbhreithniú ar na cláir cúraim ná go raibh aon suntas tugtha do phróifíl indibhidiúil an pháiste. **Gníomh Riachtanach:** Ba chóir go mbeadh deiseanna tugtha do pháistí chun roghanna a dhéanamh agus go mbeadh an neamhspleáchas acu chun cinntí a dhéanamh, go mór mhór nuair a thugtar faoi deara go bhfuil siad bréan de rud nó go bhfuil gníomhaíocht críochnaithe acu. Nuair atá gníomhaíochtaí an lae á bpleanáil, ba chóir an deis a thabhairt do pháistí chun ceannródaíocht a ghlacadh agus roghanna a dhéanamh seachas daoine fásta a bheith ag roghnú na ngníomhaíochtaí ar a son. Chabhródh seisiún saorshúgartha leis seo agus é seo a bheith sa gclár nuair atá an t-athbhreithniú críochnaithe. Ba chóir taifead indibhidiúil a bheith coinnithe do gach páiste, taifead a léiríonn dul chun cinn an pháiste agus é seo curtha suas chun dáta go rialta.